
ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education



# Ag Foghlaim tríd an Eolaíocht do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Choimpléascacha acu

Ligtear do gach uile dhalta tairbhe a bhaint as eispéiris phraiticiúla do na céadfaí as a bheith ag foghlaim trí ghníomhaíochtaí Eolaíochta. Agus iad i mbun gníomhaíochtaí eolaíochta is féidir leis an dalta imoibriú a dhéanamh mar thoradh ar bhearta agus gníomhartha a dhéanann sé, agus is féidir leis an imoibriú sin a bhreathnú dó féin chomh maith. Tá sé níos fearr turgnamh a roghnú a dtarlaíonn imoibriú iontu tapa go leor chun cur leis na scileanna breathnóireachta. Is féidir le gníomhaíochtaí eolaíochta:

- An fonn chun an t-iniúchadh agus chun triail a bhaint as rudaí éagsúla a chothú
- Tuiscint a chothú ar chúis agus éifeacht, agus ar thriail agus earráid
- Cuidiú le tuiscint a fhorbairt ar shaol an domhain mhóir
- Cur le forbairt scileanna [cumarsáide]() agus comhoibrithe
- An stór focal a leathnú

Tá sé áisiúil grianghraif / físeáin a úsáid chun turgnamh eolaíochta a shonrú, agus an oiread céanna grianghraif agus físeáin a ghlacadh agus an turgnamh á dhéanamh. Is féidir leis tacú le daltaí a dturgnamh a mheabhrú agus a thaifeadadh.

Ba chóir gach uile dhalta a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó san obair trí na gníomhaíochtaí eolaíochta chun é a dhéanamh go neamhspleách an oiread agus is féidir. Is féidir le miondealú infheiceála de na céimeanna a bhaineann leis an turgnamh cuidiú leis seo.

Den  chuid is mó den am, is féidir le gníomhaíochtaí eolaíochta cuidiú le forbairt go leor scileanna tábhachtacha, mar shampla, scileanna mín-luaileacha agus scileanna mór-luaileacha, an réiteach fadhbanna agus an phleanáil, an comhordú súl is lámh, forbairt scileanna cumarsáide, an fhoighne agus an bhuanseasmhacht srl.

Is féidir go leor gníomhaíochtaí eolaíochta simplí atá oiriúnach le déanamh sa bhaile a aimsiú anseo: https://funlearningforkids.com/science-activities-kids/

Leis an acmhainn seo, déantar machnamh ar roinnt turgnaimh eolaíochta ar féidir leo scileanna eolaíochta a fhorbairt chomh maith le cuid de na scileanna atá breactha amach ag seo thuas.



**Roinnt moltaí faoi ghníomhaíochtaí Eolaíochta do dhaltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu:**




| An Turgnamh | Naisc Ghréasáin le físeáin / le hacmhainní físe |
|---|---|
| Próca Céadfach na Mara | https://www.thechaosandtheclutter.com/archives/ocean-sensory-bottle<br>https://www.youtube.com/watch?v=h-ROWYUHCUg |
| Néal i mbuidéal | https://www.youtube.com/watch?v=VNwZjkqd92Y<br>https://www.weatherwizkids.com/experiments-cloud.htm |
| An Slam Céadfach | https://www.youtube.com/results?search_query=sensory+slime<br>https://www.science-sparks.com/fine-motor-skills/ |
| Ealaín Bhainne | https://www.youtube.com/watch?v=nY055I4cVyE<br>http://www.sciencefun.org/kidszone/experiments/ |
| Titim Faoin Uisce nó Snámh air | https://www.youtube.com/watch?v=cSjNd2kZW-k<br>https://happyhooligans.ca/sink-or-float-experiment-preschoolers/ |

**An t-ionsú uisce le liathróid cadáis:**

Spreagtar an taiscéalaíocht eolaíoch chomh maith le scileanna mínluaileacha a fhorbairt leis an ngníomhaíocht seo. Cuireann sé comhtháthú na gcéadfaí ar fáil freisin a bhféadfar a bheith de thaú le go leor daltaí a bhfuil riachtanais choimpléascacha acu chun foghlaim. Is féidir an ghníomhaíocht seo an

fhoghlaim neamhspleách a spreagadh, go háirithe má tá miondealú amhairc de na tascanna ag gabháil leis.

**<u>Turgnamh eolaíochta leis an sóid bhácála:</u>**


Gníomhaíocht eolaíochta spraíúil eile atá ann gur féidir é a brath láithreach bonn atá ann, ceann ar féidir le daltaí féachaint ar an imoibriú atá mar thoradh dhíreach ar bheart a dhéanann siad. Tacaíonn an ghníomhaíocht seo le forbairt na scileanna mínluaileacha freisin. Cuirtear eispéireas ilchéadfach ar fáil chomh maith nuair is féidir leat sceitheadh an gáis agus é á bhrúchtadh a chloisteáil, a fheiceáil agus a mhothú.


Ar na leathanaigh seo a leanas tá samplaí de bhileog **"anailíse tascanna"** a chuidíonn le daltaí céimeanna na ngníomhaíochtaí thuas a bhriseadh síos.

# Turgnamh faoin Ionsú leis an Olann Cadáis:

| **Na nithe atá de dhíth** | |
|---|---|
| Liathróidí olann cadáis bána |  |
| Pionna éadaigh |  |

| | |
|---|---|
| Cupán uisce plaisteach |  |
| Braonaire súl nó braonaire leighis |  |
| An dathúchán bia (aon dath ar bith) |  |
| Tráidire |  |

| Cad atá le déanamh agaibh: | |
|---|---|
| **<u>Ar dtús</u>**, cuir an dathúchán bia isteach san uisce. |  |
| **<u>Ansin</u>**, leis an braonaire súl / leighis, cuir roinnt leachta ar an liathróid olann chadáis. |   |
| **<u>Leis sin</u>**, breathnaigh ar an olann cadáis agus an t-uisce daite ag dul isteach ann. |  |
| **<u>Ina dhiaidh sin</u>**, phioc suas na liathróidí olann cadáis le pionna éadaigh |   |

| | |
|---|---|
| agus cuir isteach sa chupán iad. | |
| **<u>Faoi dheireadh</u>**, bí ag faire ar an uisce agus é ag dul isteach san olann chadáis. |  |

D'fhéadfadh go leor forbairt teanga a bheith mar thoradh ar an ngníomhaíocht shimplí seo, chomh maith le ceisteanna gur féidir a thabhairt. Is féidir treoir a thabhairt don dalta chun an méid atá foghlamtha agus breathnaithe acu a scrúdú trí cheisteanna oscailte a chur orthu, nó ráitis a chur ar an dalta le machnamh a dhéanamh orthu, mar shampla:

- Cén dath ar mhaith leat?
- Cé mhéad dathúchán bia ba chóir dúinn a chur leis?
- Cé mhéad liathróid olann chadáis ba chóir dúinn a chur leis?
- Cad a tharlóidh más rud é go ……
- Féach cé mhéad uisce atá suíte… ..


Is féidir le daltaí nach bhfuil fós in ann caint taitneamh a bhaint as an ngníomhaíocht seo, ag éisteacht leis an teanga taobh leis na gníomhartha de réir mar a tharlaíonn siad. Is féidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí seo an tuiscint inghlactha a spreagadh.

Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoin ngníomhaíocht seo anseo:

https://teachpreschool.org/2013/01/05/cotton-ball-science-in-preschool/


# Turgnamh Eolaíochta Leis an Sóid Aráin:

| |
|---|
| **Na nithe atá de dhíth** |

| | |
|---|---|
| An púdar bácála |  |
| An fínéagar |  |
| Braonaire súl nó braonaire leighis |  |
| Cupán plaisteach |  |
| Spúnóg |  |

| | |
|---|---|
| | |
| An Dathúchán Bia<br>(roghnach) |  |

| | |
|---|---|
| **Cad atá le déanamh agaibh:** | |
| **Ar dtús**, líon an cupán plaisteach thart ar ¼ lán le púdar bácála. |   |
| **Ansin**, cuir an dathúchán bia isteach sa chupán.<br>(Roghnach) |  |

| | |
|---|---|
| **<u>Agus ina diaidh sin</u>**, cas é leis an spúnóg. |   |
| **<u>Ansin</u>**, cuir an fínéagar isteach leis. |   |
| **<u>Faoi dheireadh</u>**, féach ar cad a tharlaíonn. |  |

Tá go leor físeáin tarraingteacha faoin turgnamh seo atá oiriúnach do leanaí ar fáil ar YouTube.

Ag seo, roinnt naisc YouTube is féidir leat a leanúint:

https://www.youtube.com/watch?v=r4twHjtv0iw
https://www.youtube.com/watch?v=h5pPwXCtm60
https://www.youtube.com/watch?v=nFZhbEi19M8

Nasc áisiúil eile le haghaidh miondealú infheiceála ar an turgnamh:
https://preschoolinspirations.com/vinegar-baking-soda-science/

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education